Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig agus Rang a Sé	Ábhar Tíreolaíocht

Snáithe Imshaoil Dhaonna	Snáithaonad Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

Teideal
Céard a dhéanfainn le mo Chladach Áitiúil...

Cuspóir(í)
Is é aidhm an phlean ceachta ná go n-aithneoidh leanaí an trá mar áit as ar féidir le daoine taitneamh a bhaint agus go molfaidh siad dóigheanna ina bhféadfaí an trá a choinneáil glan sábháilte.

Scileanna atá Riachtanach
Tuiscint d'áit agus do spás; Pictiúir agus léarscáileanna a úsáid; Breathnú; Ceistiú; Imscrúdú; Cumarsáid.

Cuspóirí foghlama	Gníomhaíochtaí foghlama
Cuirfear ar chumas na leanaí: An cladach a aithint mar limistéar sa dúiche nach mór don phobal aire a thabhairt dó. Scrúdú a dhéanamh ar fhianaise phictiúrtha a léiríonn cé chomh dona atáthar ag truailliú tránna. An dóigh a dtéann an bruscar sin i bhfeidhm orthu a bhreithniú. Alt nó scéal a scríobh do nuachtlitir na scoile nó do do nuachtán áitiúil faoi na nithe ar mhaith leo go ndéanfadh an pobal iad leis an gcladach áitiúil.	**Labhairt agus Plé:** Pléigh leis an rang na háiteanna inár bpobal a bhfuil spás áineasa againn iontu. Faigh freagraí ó na daltaí amhail limistéir ghlasa, clóis súgartha agus tránna. D'fhéadfaí iad a shainaithint ar léarscáil ón aer den dúiche. **Grianghraif agus Déantáin:** D'fhonn feasacht a mhúscailt i measc na ndaltaí, taispeáin grianghraif de chladaí agus de thránna atá lán de bhruscar agus de na hainmhithe a dtéann bruscar na mara i bhfeidhm orthu. Mínigh do na daltaí an drochfhíric go bhfuil sé i bhfad níos dóchúla go gcaithfidh daoine bruscar ag an trá. Tabhair roinnt ama do na daltaí le gur féidir leo machnamh a dhéanamh ina n-aonar ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann an bruscar sin bac ar an taitneamh a bhainimid as an trá. Lig do na daltaí teacht chun tosaigh lena gcuid tuairimí e.g. de bharr an bhruscair, is contúirteach a bheith ag súgradh ar an trá mar go bhféadfaimis ár méara a ghearradh ar ghloine bhriste. Déan plé ar an dóigh a dtagann tinneas ar na hainmhithe ag an gcladach agus san

	aigéan (ar nós faoileán, deilfeanna agus turtar, etc.) nuair a itheann siad sneaiceanna míshláintiúla amhail cumhdaigh mhearbhia agus málaí plaisteacha a d'fhág daoine ina ndiaidh. Chomh maith leis sin, féadann an ghaoth breith ar bhruscar ó líontaí talún nó ónár dtithe agus ónár bpobail fiú agus é a shéideadh amach ar farraige. Ina theannta sin, féadann sé sin dul i bhfeidhm ar ainmhithe san aigéan a éiríonn i bhfostú sa bhruscar nó a itheann é. **Foghlaim Ghníomhach/Foghlaim Chomhoibríoch:** Roinn na leanaí ina ngrúpaí ina bhfuil triúr (3) nó ceathrar (4). Caithfidh na daltaí feachtas a cheapadh ar "na nithe a dhéanfadh siad lena gcladach...". D'fhéadfaí a áireamh anseo conas a d'fhéachfadh siad leis an áit a dhéanamh níos oiriúnaí do thurasóirí e.g. na háiseanna atá ag teastáil, glantachán trá a eagrú agus eolas a thabhairt don phobal faoi na buntáistí a bhaineann le glantacháin trá, dul i mbun feachtais lena n-iarrtar ar an gcomhairle contae áitiúil nó ar an gcomhairle cathrach áitiúil tuilleadh boscaí bruscair, nó boscaí bruscair mura a bhfuil siad ann cheana, a chur ag an gcladach, etc. Caithfidh na daltaí alt a scríobh ansin do nuachtlitir a scoile nó do nuachtán áitiúil ina leagtar béim ar na nithe atá foghlamtha acu faoi acmhainn mhara na hÉireann **Foghlaim Ghníomhach:** D'fhéadfadh glantachán clóis leis an rang a bheith ina ghníomhaíocht fairsingithe le haghaidh an cheachta seo d'fhonn feasacht a mhéadú ar cé chomh héasca atá sé do bhodaigh bhruscair inár bpobal scriosadh a dhéanamh ar limistéir ar chóir leas a bhaint astu!!

	Acmhainní Léarscáil ón Aer Grianghraif de bhruscar na mara (faoi iamh) Féach na hacmhainní do Mhúinteoirí ar www.explorers.ie le haghaidh acmhainní Tíreolaíochta.
Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.	
Measúnú Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir	
Nascadh agus Comhtháthú Drámaíocht - déanann na leanaí dráma de na cásanna éagsúla OSPS - Mise agus daoine eile. Teanga Bhéil - Baineann na leanaí úsáid as teanga bhéil chun freagairt do na ceisteanna agus chun cabhrú leis na haimhleastóirí deireadh a chur lena ndrochnósanna. Eolaíocht - Aire a thabhairt don imshaol.	

Explorers Education Programme

Grianghraif de Bhruscar na Mara

Bileog oibre:

An Feachtas ‘Céard a dhéanfainn le mo Chladach’:

Scríobh alt nó scéal do nuachtán do scoile nó do do nuachtán áitiúil faoi na nithe ar mhaith leat go ndéanfadh an pobal iad le do chladach áitiúil agus faoin tábhacht a bhaineann le é a choinneáil glan.

Ba chóir béim a chur san alt ar an tuiscint d’áit agus do spás atá agat agus ar na nithe atá foghlamtha agat faoi chríoch mhara na hÉireann. Ba chóir a bheith mar aidhm ag an alt spéis na ndaoine i do chladach áitiúil a mhéadú freisin.

Cuimhnigh gur chóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh i d’alt:

1. Ceannteideal
2. An príomhábhar ina leagtar béim san fhaisnéis ar na ceisteanna seo: Cé, Céard, Cén uair, Cén áit, Conas agus Cén fáth
3. Grianghraf agus fotheideal grianghraif